Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Bealtaine 2018**
**(OR. en)**

**9291/18**

**RECH 224**
**TELECOM 150**
**IND 142**
**MI 392**
**COMPET 364**
**DATAPROTECT 102**
**ECOFIN 484**
**CYBER 113**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 29 Bealtaine 2018 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9029/18 RECH 186 TELECOM 142 IND 136 MI 355 COMPET 318 DATAPROTECT 94 ECOFIN 428 CYBER 104 |
| Ábhar: | An Néal Eorpach maidir leis an Eolaíocht Oscailte (EOSC)<br>- Conclúidí ón gComhairle (glactha ar 29/05/2018) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Néal Eorpach maidir leis an Eolaíocht Oscailte (EOSC), a ghlac an Chomhairle ag an 3620ú gcruinniú dá cuid ar an 29 Bealtaine 2018.

CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an Néal Eorpach maidir leis an Eolaíocht Oscailte (EOSC)

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS

AG MEABHRÚ DI:

- na conclúidí uaithi ar an 27 Bealtaine 2016 "maidir leis an aistriú i dtreo córas Eolaíochta Oscailte"[1], inar iarradh ar an gCoimisiún, ar na Ballstáit agus ar na geallsealbhóirí na bearta is gá a dhéanamh chun an eolaíocht oscailte a chur i gcrích agus chun tacú leis an ngá le gníomhaíochtaí comhbheartaithe i bhfóraim ábhartha ar an leibhéal náisiúnta, ar leibhéal an Aontais, ar leibhéal iltaobhach agus go hidirnáisiúnta;
- an rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis an Tionscnamh Eorpach Néalríomhaireachta, a glacadh i mí Feabhra 2017, a thacaíonn leis an Néal Eorpach maidir leis an Eolaíocht Oscailte (EOSC), agus a iarrann ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, i gcomhar le geallsealbhóirí eile, treochlár a bhunú chun amscála soiléir a thabhairt a luaithe is féidir chun na gníomhaíochtaí atá beartaithe ag EOSC a chur chun feidhme;

1. AITHNÍONN SÍ an dul chun cinn atá déanta chun rochtain ar bhonneagair sonraí agus ar sheirbhísí néalbhunaithe Eorpacha ar thús cadhnaíochta a fhorbairt ó foilsíodh an Teachtaireacht ón gCoimisiún ar an 19 Aibreán 2016 dar teideal "*European Cloud Initiative - Building a competitive data and knowledge economy in Europe*" [Tionscnamh Eorpach Néalríomhaireachta - geilleagar iomaíoch sonraí agus eolais a fhorbairt san Eoraip] agus an Teachtaireacht ón gCoimisiún ón 10 Bealtaine 2017 maidir leis an Athbhreithniú Meántéarma ar chur chun feidhme na Straitéise maidir leis an Margadh Aonair Digiteach, ina ndeimhnítear gur gá treochlár cur chun feidhme a cheapadh don Néal Eorpach maidir leis an Eolaíocht Oscailte;

[1] 9526/16

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE dearbhú EOSC an 26 Deireadh Fómhair 2017 a d'eascair as Cruinniú Mullaigh EOSC an 12 Meitheamh 2017, arb é b'aidhm dó go ndéanfaí athbhreithniú ar na pleananna cur chun feidhme do réimsí EOSC ina bhfuil gníomhaíocht tosaíochta, gnóthú gealltanais agus cothú comhthola ag teastáil agus MEABHRAÍONN SÍ go bhfuil cruthú EOSC, ar ceann de na próisis taighde-bhunaithe is mó san Aontas inniu é, mar fhreagracht chomhpháirteach ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit, agus rannpháirtíocht agus tacaíocht na ngeallsealbhóirí á gcur san áireamh;

3. CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart cleachtas bunaithe ag pobail taighde, bonneagair taighde ESFRI, ríomh-bhonneagair, mar aon le bonneagair náisiúnta ábhartha eile a chur san áireamh nuair atá ardréitigh do sholáthar agus úsáid éifeachtach sonraí eolaíochta ardcháilíochta, le tuairisceoirí éifeachtacha, rochtain éasca, idir-inoibrítheacht agus ath-inúsáideacht, á gcur chun feidhme agus á bhforbairt tuilleadh, agus prionsabail FAIR[2] á gcur chun feidhme ina n-iomláine agus Coimíneacht Sonraí á forbairt agus á cur chun cinn;

4. Maidir le comhroinnt sonraí, CUIREANN SÍ I dTREIS nach mór aghaidh a thabhairt ar leasanna tráchtála, príobháideachta agus slándála, agus an fhoirmle "A oscailte is féidir, a iata is gá" á cur i bhfeidhm;

5. Sa chomhthéacs sin, IS DÍOL SÁSAIMH DI doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin i ndáil leis an treochlár cur chun feidhme don Néal Eorpach maidir leis an Eolaíocht Oscailte ina dtugtar isteach samhail cónasctha EOSC agus cur chuige dhá chéim chun EOSC a chur i bhfeidhm; TUGANN SÍ DÁ hAIRE tacaíocht bheartaithe don chéad chéim de chur chun feidhme EOSC trí thionscadail arna gcistiú faoin gClár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (Fís 2020) agus LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé na tionscadail éagsúla reatha agus tionscadail amach anseo a chomhordú, ar tionscadail iad arna cistiú ag na Creatchláir AE maidir le EOSC, lena n-áirítear tionscnaimh thrasnáisiúnta a chloíonn a gcuid gníomhaíochtaí le EOSC; CUIREANN SÍ I bhFIOS go mbeidh tús an dara céim ag brath ar mheasúnú a dhéanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit ar an gcéad chéim agus go mbeidh sé gan dochar don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) i ndiaidh 2020;

---

[2] Inaimsithe, Inrochtana, Idir-inoibrithe agus In-athchúrsáilte (*Findable, Accessible, Interoperable, Reusable* - FAIR).

6. AITHNÍONN SÍ go bhfuil forbairt EOSC mar thaobh an tsoláthair i dtionscnamh níos leithne beartais a bhfuil mar aidhm aige rochtain oscailte a mhéid is féidir ar thorthaí eolaíocha a áirithiú agus cleachtais eolaíochta oscailte a phríomhshruthú san Eoraip; CUIREANN SÍ I dTREIS nach mór gníomhú i gcomhthráth ar thaobh an éilimh ar mhaithe le héifeachtacht, le rochtain oscailte, sainorduithe bainistithe sonraí agus prionsabail FAIR, mar aon le dreasachtaí agus luach saothair, á gcothú ag maoinitheoirí taighde. ÁITÍONN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú gur timpeallacht atá dírithe ar an úsáideoir é EOSC, a fhreastalaíonn ar an bpobal taighde go háirithe ag an tús, a chuireann leis na cleachtais is forbartha dá chuid, agus a leathnóidh ina dhiaidh sin chuig an bpobal úsáideoirí ginearálta, lena n-áirítear FBManna, saoránaigh agus údaráis phoiblí;

7. AITHINÍONN SÍ gur réamhchoinníoll é athrú cultúir maidir le hoscailteacht i measc taighdeoirí chun EOSC a chur chun feidhme go rathúil, agus mar sin ba cheart idirphlé reatha maidir le fiúntas i ngairmeacha taighde agus an chaoi chun na paraiméadair reatha a fhorlíonadh le cinn nua a chur san áireamh;

8. AONTAÍONN SÍ gur cheart samhail EOSC a bhunú ar chónascadh uile-Eorpach na mbonneagar sonraí le bheith solúbtha agus inoiriúnaithe ar riachtanais athraitheacha na ngeallsealbhóirí; maidir leis an gcónasc sin de bhonneagair sonraí náisiúnta agus Eorpacha a chumasú, SPREAGANN SÍ na Ballstáit cuireadh a thabhairt dá bpobail ábhartha, amhail ríomhbhonneagair, bonneagair thaighde, Eagraíochtaí Maoinithe Taighde agus Eagraíochtaí Déanta Taighde iad féin a eagrú ionas go mbeidh siad ullmhaithe don nasc le EOSC agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an leas is fearr is féidir a bhaint as tionscadail leanúnacha, as saineolas atá ann cheana agus as eolas atá ar fáil trí thionscnaimh atá ann cheana, amhail ESFRI, eIRG, GO FAIR agus tionscnaimh eile;

9. MEASANN SÍ, i bhfianaise oscailteacht EOSC, gur cheart go mbeadh a fhorbairt ina próiseas cuimsitheach, céimseach agus MOLANN SÍ don Choimisiún agus do na Ballstáit a chinntiú gur bhféadfaidh geallsealbhóirí a bheith rannpháirteach ar bhonn deonach trí na seirbhísí nó tacair shonraí is féidir leo a roinnt a roghnú ar bhonn na meán atá ar fáil agus i gcomhréir leis na rialacha agus leis na rialacháin is infheidhme;

10. IARRANN SÍ, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a fhiosrú, i gcomhpháirt le chéile, an bhféadfaí léarscáil bonneagar agus tionscnamh sonraí taighde náisiúnta a bhunú a d'fhéadfaí a chónascadh, d'fhonn a áirithiú go gcuirfear struchtúir, inniúlachtaí, feidhmeanna, agus tionscnaimh i dtaca le bainistiú sonraí taighde san áireamh go cuí;

11. CUIREANN SÍ I dTREIS gurb iad rialachas fónta agus samhail gnó inbhuanaithe na fachtóirí is tábhachtaí le go mbeadh rath ar EOSC, mar aon le líon leordhóthanach gairmithe sonraí a oiliúint. TACAÍONN SÍ leis an gcur chuige dhá chéim le haghaidh rialachas EOSC a ligeann do gach Ballstát agus don Choimisiún forbairt tosaigh EOSC a stiúradh agus a mhaoirsiú sa chéad chéim. Sa dara céim, ba cheart gur faoi thionchar na ngeallsealbhóirí den chuid is mó a bheadh rialachas EOSC, agus ba cheart ag an am céanna ról stiúrtha ardleibhéil a choinneáil do gach Ballstát agus don Choimisiún. MOLANN SÍ comhordú éifeachtach a chur ar bun le ESFRI;

12. IS DÍOL SÁSAIMH DI samhail EOSC ina bhfuil sé ghníomhaíocht idirghaolmhara (ailtireacht, seirbhísí, sonraí, rochtain, rialacha, rialachas) agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit uile, na moltaí ó Bhuanmheitheal CLET maidir leis an Eolaíocht Oscailte agus an Nuálaíocht creat rialachais a bhunú lena n-áiritheofar rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí ón bpobal taighde agus páirtíocht éifeachtach na mBallstát uile, agus a fhreagraíonn do na prionsabail agus na critéir seo a leanas:

    a. Cónascadh agus idir-inoibritheacht na mbonneagar sonraí atá ann cheana ach sásraí rialachais agus cistithe an chreata á n-urramú;

b. Idirghaoil shoiléire, éifeachtacha i measc na gcomhlachtaí éagsúla atá mar chuid de chreat rialachais EOSC agus go háirithe sainmhíniú soiléir ar ról an bhoird rialachais agus an bhoird feidhmiúcháin, agus ar an gcaoi sin cúraimí atá sainithe go soiléir a áirithiú don dá chomhlacht leis an mbord rialachais ag déanamh maoirseachta ar chur chun feidhme rialachais EOSC;

c. Critéir roghnúcháin oibiachtúla, thrédhearcacha agus rannpháirtíocht ionadaithe agus geallsealbhóirí na mBallstát agus na dtíortha comhlachaithe, amhail na bonneagair mhóra thaighde uile-Eorpach, eagraíochtaí um thaighde poiblí agus ollscoileanna ar an mbord feidhmiúcháin, meithle/fomheithle agus coistí ábhartha eile;

d. Cuimsitheacht agus oscailteacht chreat rialachais EOSC chun cumarsáid éifeachtach idir lucht déanta[3] agus lucht cinnteoireachta a áirithiú;

e. Forbairt saineolais eolaíoch maidir le ESOC.

13. SPREAGANN SÍ an Coimisiún gairmithe ardleibhéil a bhfuil gaol láidir acu leis an bpobal eolaíoch agus le tionscnaimh náisiúnta agus idirnáisiúnta a ainmniú ar chomhlachtaí EOSC, agus rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí uile a áirithiú, neamhspleách ó fhormhuiniú reatha Dhearbhú EOSC;

14. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a sheacht ndícheall a dhéanamh struchtúr rialachais EOSC a sheoladh in 2018, i ndlúthchomhairle le ERAC agus gan dochar do cháilíocht;

15. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfar deiseanna EOSC a uasmhéadú do gach Ballstát, lena n-áirítear go háirithe trína dhearadh teicniúil agus bearta sonracha amhail infheistíocht sa chaipiteal daonna chun tacú le cónascadh a mbonneagar in EOSC;

---

[3] Gheall lucht freastail chruinniú mullaigh EOSC i mí an Mheithimh 2017 agus sínitheoirí Dhearbhú EOSC go gcuirfidís fís an Néil Eorpaigh maidir leis an Eolaíocht chun feidhme ach a bheith oscailte d'iontrálaithe nua a bheadh toilteanach páirt a ghlacadh san iarracht.

16. ÉILÍONN SÍ go gcuirfear EOSC chun feidhme go héifeachtúil agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún mionléiriú a thabhairt, i ndlúthchomhairle leis na Ballstáit, ar mhaoiniú EOSC amach anseo agus aon chinneadh buiséadach eile a thagann ó chur chun feidhme EOSC; CUIREANN SÍ I dTREIS go háirithe a thábhachtaí atá sé samhail gnó inbhuanaithe a fhorbairt agus an bealach dlíthiúil is oiriúnaí a roghnú don dara céim den fhorbairt;

17. CUIREANN SÍ I dTREIS nádúr domhanda bhainistiú na sonraí taighde, is díol sásaimh di an t-idirphlé leanúnach i gcomhthéacs na bhfóram idirnáisiúnta agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a seasaimh a chomhordú i gcomhthéacs idirnáisiúnta.

---